CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN

Cén fáth a n-úsáidtear tacaíochtaí amhairc chun scileanna cumarsáide a fheabhsú?

1. Is láidreacht í an fhoghlaim amhairc don chuid is mó de pháistí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu.

Cuidíonn tacaíochtaí amhairc le páistí agus le daoine óga próiseas agus cumhacht na cumarsáide a fhoghlaim. Cuidíonn siad freisin le cognaíocht shóisialta, rud atá tábhachtach freisin le bheith i do chumarsáidí éifeachtach. Tugann an fhianaise le fios go gcabhraíonn úsáid tacaíochtaí amhairc in éineacht le teanga go mór chun sealbh ú cainte agus teanga a fhorbairt.

2. Bíonn tacaíocht amhairc comhsheasmhach..

Is féidir linn an rud céanna a rá ar bhealaí éagsúla. m.sh. “Gléas tú féin”, “cuir ort do chuid éadaí”, “athraigh”. Is féidir leis seo mearbhall a chur orainn. Tá teanga neamhbhuan; imíonn focail nuair a labhraítear iad. Tá tacaíochtaí amhairc comhsheasmhach agus is féidir tagairt a dhéanamh dóibh nuair is gá. Mar sin, cuireann tacaíochtaí amhairc soiléireacht agus comhsheasmhacht ar fáil.

gléas tú féin

3. Cuireann tacaíochtaí amhairc leis an tuiscint.

Mar a míníodh cheana, tá teanga neamhbhuan. Mura bhfuil próiseáil agus tuiscint ag an duine óg ar an teanga láithreach, seans go gcaillfear nó go ligfear i ndearmad í. Ceadaíonn tacaíochtaí amhairc amanna próiseála níos faide mar is féidir leis an bpáiste nó an duine óg leanúint ar aghaidh ag féachaint orthu go dtí go ndéantar iad a phróiseáil agus a thuiscint.

4. Laghdaíonn tacaíochtaí amhairc imní.

Tá an saol dothuartha. Cabhraíonn tacaíochtaí amhairc le páistí agus le daoine óga eolas a bheith acu ar cad atá ag tarlú in aon lá amháin agus cuireann siad ardán ar fáil chun coincheapa smaointeoireachta solúbtha a mhúineadh mar athrú, iontas agus aistriú.
Nuair a úsáidtear go leor teanga ó bhéal chun treoir a thabhairt nó nuair a bhíonn imní níos airde ann cheana féin féadfaidh an páiste nó an duine óg a bheith trína chéile agus imníoch. Laghdaíonn tacaíochtaí amhairc an imní seo toisc go mbíonn níos lú teanga ó bhéal ag teastáil.

5. Méadaíonn tacaíochtaí amhairc neamhspleáchas

Is féidir tacaíochtaí amhairc a bhogadh de réir a bhfuil á dhéanamh ag an bpáiste nó duine óg nó cá bhfuil siad ag dul. Cabhraíonn sé seo leo an fhoghlaim a ghinearálú gan a bheith ag brath an iomarca ar thacaíocht ó dhuine fásta.

Ní mór tacaíochtaí amhairc a chur in oiriúint don leibhéal foghlama, is féidir a chinneadh trí mheasúnú.

CENTRE FOR AUTISM
MIDDLETOWN
© Deartha agus Déanta ag Middletown Centre for Autism

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.